



# Foláireamh don Phobal: **Fógra ‘Uisce a Fhiuchadh’**

**Uisce Éireann**

## **Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Charna/ Chill Chiaráin**

**Dáta Féidhme an Fhógra ‘Uisce a Fhiuchadh’: 07 Feabhra 2024**

Tá Uisce Éireann ar an eolas go bhfuil baol ar an soláthar uisce i limistéir Charna agus Chill Chiaráin toisc gur aimsíodh cripteaspóiridiam ar an soláthar uisce sin atá ag teacht ó **Sholáthar Charna/ Chill Chiaráin**.

Ag eascairt as é sin, agus tar éis dul i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tá Uisce Éireann ag eisiúint **Fhógra ‘Uisce a Fhiuchadh’ atá i bhfeidhm láithreach bonn** ar mhaithe le sláinte tomhaltóirí a chosaint.


Baineann an fógra seo; atá tugtha chun dáta; le tuairim is **2,294** custaiméir sna limistéir a leanas mar atá sonraithe sa léarscáil thall.

**Ní foláir do gach uile thomhaltóir atá buailte ag an bhfógra seo a gcuid uisce a fhiuchadh sula n-ólfar é.**

Tá léarscáil de na ceantair atá i gceist: ar fáil ar [www.water.ie](http://www.water.ie) agus tá sí faoi iamh leis an bhfógra seo.

## Na Limistéir i gceist:

Carna / Cill Chiaráin - Fógra Uisce a Fhiuchadh  
Pobal Cónaithe Measta: Tuairim is 2,294



### 1: Ní foláir uisce a fhiuchadh (ar fhiuchadh leanúnach ar feadh 1 nóiméad agus lig dó fuarú ansin) má úsáidtear é:

- Chun é a ól
- Do dheochanna a dhéantar le huisce
- Chun sailéid agus bianna comhchosúla a n-ullmhú, nach ndéantar a chócaráil sula n-íosfar iad
- Chun fiacla a scuabhadh/nó béal duine a fholcadh
- Oighear a dhéanamh: Déan deimhin de go gcaitheann tú amach aon chiúb oighir atá ann cheana i gcuisneoirí agus i reoiteoirí agus uisce scagtha i gcuisneoirí.

**TÁBHACHTACH:** Cuir uisce ar fhiuchadh go dtí go mbeidh gal leanúnach uaidh agus lig dó fuarú ina dhiaidh sin. Clúdaigh agus stóráil i gcuisneoir nó in áit fhuar é. Níl sé sábháilte uisce ón sconná te sa chistin nó ó na doirtíl sa seomra folctha a ól.

### 2: Ní gá duit do chuid uisce a fhiuchadh sna himthosca a leanas:

- Sláinteachas pearsanta, folcadh nó cithfholcadh a bheith agat
- Leithris a shruthlú
- Uisce a chur ar phlandaí agus ar bhláthanna

### 3: Fainic:

- Ní fhágfaidh scagairí uisce tí go bhfuil an t-uisce sábháilte lena ól
- Ba chóir a bheith cúramach agus tú ag folcadh páistí lena chinntiú nach slogfaidís siad an t-uisce folctha
- Caith amach ciúbanna oighir i gcuisneoirí agus i reoiteoirí agus uisce scagtha i gcuisneoirí. Déan oighear as uisce fiuchta fuaraithe
- Má tá peataí agat agus imní ort faoin éifeacht a d'fhéadfadh a bheith orthu má ólann siad uisce ón bpríomhlíonra le linn don Fhógra' Uisce a Fhiuchadh' a bheith i bhfeidhm,

### 4: Ná húsáidtear ach Uisce Ullmhaithe (uisce fiuchta agus fuaraithe) sna himthosca seo a leanas.

- Nuair atá bianna á n-ullmhú agat nach ndéanfar iad a chócaráil (m.sh. más sailéid atá á ní agus á n-ullmhú agat);
- Foirmle do Naíonáin a hUllmhú: Nuair atá Fóga 'Uisce a Fhiuchadh' i bhfeidhm, is féidir foirmle do naíonáin a hullmhú le huisce ón sconn a cuireadh ar fiuchadh uair amháin (fiuchadh leanúnach ar feadh 1 nóiméad) agus gur ligeadh dó fuarú roimh ré. Is féidir foirmle do naíonáin a hullmhú le huisce i mbuidéil. Rialaítear uisce i mbuidéil, seachas uisce mianraí nádúrtha ar an gcaighdeán céanna le huisce óil. Is fearr gan uisce i mbuidéil a bhfuil lipéad 'Uisce Mianra Nádúrtha' air a úsáid toisc go bhféadfadh leibhéal arda sóidiam (salann) agus mianraí eile a bheith ann, cé gurb annamh a bhíonn sé sin i gceist. Is féidir 'Uisce Mianra Nádúrtha' a úsáid mura bhfuil aon uisce eile ann, don tréimhse is lú ama is féidir; tá sé fíorthábhachtach go mbíonn a ndóthan le hól ag leanaí. Má úsáidtear uisce i mbuidéil chun foirmle a dhéanamh do naíonáin ba chóir é a chur ar fiuchadh uair amháin (fiuchadh leanúnach ar feadh 1 nóiméad), agus lig dó fuarú mar is iondúil. Is féidir leas a bhaint as foirmle réidh-le-húsáid nár ghá a thuilleadh uisce a chur isteach ann.

### 5: Bí cúramach i gcónaí:

Má bhíonn uisce i mbuidéil á fhiuchadh chun foirmle do naíonáin a ullmhú go láimhseáltar uisce fiuchta go cúramach chun dó agus scalladh a sheachaint. Is furasta do thimpistí tarlú, go mór mhór nuair a bhíonn leanaí thart.

### 6: Cén fhad a thógfaidh sé sula gcuirfear deireadh leis an bhFógra 'Uisce a Fhiuchadh'?

Níl a fhios againn faoi láthair, ach leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh ag dul i gcomhairle le Feidhmeancht na Seirbhíse Sláinte d'fhonn críoch agus deireadh a chur leis an bhFógra

## 7: Conas a choimeádfaimid ar an eolas thú?

Coimeádfar ar an eolas thú trí na meáin seo a leanas:

Suíomh gréasáin: [www.water.ie](http://www.water.ie)

Ionad Teagmhála na gCustaiméirí de chuid Uisce Éireann 1800 278 278

Na Meáin Áitiúla- An Raidió agus na Meáin Chló

Rachaidh Uisce Éireann i dteagmháil go díreach le haon chustaiméir leochaileach atá cláraithe le UÉ, má bhíonn cúnaimh sa bhreis uait, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn agus an scéal a plé.

## 8: Feasacht ó thaobh áitribh tráchtála de

**Iarrann Uisce Éireann go gcrochfar an Fógra 'Uisce a Fhiuchadh' in áit fheiceálach laistigh de d'áitreabh tráchtála**

**Ná déan dearmad gur gá an t-uisce a fhiuchadh mar atá molta go dtí go moltar a mhalairt**

*Fógra Uisce a Fhiuchadh arna eisiúint ag:*

**Anthony Skeffington**

**Bainisteoir Réigiúnach Oibríochtaí**

**Uisce Éireann**